Tuarascáil Bhliantúil TG4
2005

Réamhrá

Rinne TG4 dul chun cinn suntasach sna príomhréimsí oibre ar fad i 2005, bliain chorrach ghéariomaíochta sa tionscal. Coimisiúnaíodh, ceannaíodh agus craoladh raon leathan ardchaighdeán ábhair i nGaeilge, cuireadh leis an méadú leanúnach ar lucht féachana an chainéil i ngach aicme agus neartaíodh próifíl agus branda TG4 le trácht bhreise ar an Suíomh Idirlín, le clúdach rialta dearfach sna meáin chumarsáide eile, le duaiseanna agus gradaim go leor mar aon le sruth folláin ioncaim tráchtála.

Ní raibh ag cur srian le forbairt agus fás an chainéil ach an leibhéal íseal maoinithe ón Státchiste. Níl aon mhaolú ar ár n-iarrachtaí an maoiniú sin a mhéadú agus teacht ar mhaoiniú breise ó fhoinsí cuí eile freisin.

Tá ag éirí go sármhaith i gcónaí le formáid an sceidil mheasctha – tá 59% den chlársceideal tiomnaithe do chláracha Gaeilge agus páistí. Thuill an cainéal scair náisiúnta fhéachana 3.2% i 2005 agus is i neart a bhí an fhéachaint ag dul ag deireadh na bliana – bhí scair sheachtainiúil 5% againn do sheachtain shaoire na Nollag 2005, an scair sheachtainiúil ab airde riamh ag an gcainéal sa tréimhse is géire iomaíocht sa mbliain sa margadh. Bhí aimsiú laethúil 1.28 milliún duine ag an gcainéal don tseachtain sin.

Is crann taca tábhachtach d'éachtaí TG4 é an clúdach spóirt. Céim ar chéim leis an neartú breise a rinne an cainéal i 2005 ar a cháil mar phríomhsholáthraí teilifíse na gcluichí Gaelacha (na bhfear agus na mban) Fómhar-Samhradh, thionscnaigh muid roinnt mórbheartais eile spóirt i rith na bliana. Cuireadh tús i 2005 le clúdach fairsing ar TG4 ar spórt baile (Sraith sacair Eircom) agus le beochlúdach eisach ar dhá mhórimeacht idirnáisiúnta spóirt a bhfuil cáil agus branda domhanda acu – rás rothaíochta an Tour de France agus Craobh Leadóige Wimbledon. Bhí snúcar, rásaí capall agus con ar fáil ar an gcainéal freisin le linn na bliana.

Cinntíodh, áfach, nach mbeadh an cainéal i dtuilleamaí aon aicme amháin clár agus is ábhar misnigh gur éirigh chomh maith sin le cláracha den uile chineál – fíorasach, dráma, réilifís, ceol, siamsaíocht agus eile. Thuill leithéidí *Cúla4, Laochra Gael, Ros na Rún, Cogar, Bean an Ti, Siar sna Seachtóidí, Paisean Faisean, Hector san Afraic, Geantraí, Underdogs, Meirligh, Trom go Trim and Glór Tíre* lucht féachana ard.

Thug roinnt imeachtaí i rith na bliana – cuid acu a raibh súil acu agus cinn eile nach raibh – an deis do TG4 a chumas a léiriú le clúdach ciallmhar comhlántach. D'éirigh go maith leis an gclúdach a rinne Nuacht TG4 agus foireann léirithe inmheánach TG4 ar na toghcháin do Bhord Údarás na Gaeltachta agus ar bhás an Phápa Eoin Pól II agus an toghchán dá chomharba. Glacadh go dearfach freisin le clúdach méadaithe na bliana seo ar mhór-imeachtaí cultúrtha 2005 ar nós Ghradam Ceoil TG4 agus Oireachtas na Gaeilge.

Chuir an soláthar bliantúil clár Gaeilge ó RTÉ do TG4 (365 uair an chloig) go mór le rath an chainéil arís i mbliana agus leis an gclársceideal craolta. Is í *Nuacht TG4* ancaire an sceidil agus an léiriú laethúil is follasasí ar an *tsúil eile* á feidhmiú i mbailiú, i bpróiseáil agus i láithriú an chlúdaigh ar imeachtaí an tsaoil mhóir ar bhealach sainiúil taitneamhach.

Cé gur foilsitheoir/craoltóir é an cainéal den chuid is mó, tá forbairt déanta ar chumas léirithe inmheánach le gur féidir freastal níos éifeachtaí ar riachtanais áirithe sceidil. I 2005 is go hinmheánach sa gCeannáras a léiríodh an dá zón laethúil *Cúla4* (réamhscoile agus iarnóin) agus na sraitheann cainte *Comhrá, Soiscéal Pháraic* agus *7 Lá.* Bhí moladh agus gradaim go leor faighte ag clársceideal TG4, go háirithe maidir leis an soláthar do pháistí agus do dhaoine fásta, ach b'fhacthas dúinn nach raibh ag éirí chomh maith céanna lenár bhfreastal ar dhéagóirí agus ar iar-dhéagóirí. Dá réir sin, i nDeireadh Fómhair 2005 tionscnaíodh *Síle,* zón nua laethúil sa gclársceideal craolta Luan-Aoine ina gcuimsítear cláracha, láithreachas, comórtais, eolas idirghníomhaíoch, físeáin agus eile, dírithe ar an aoisghrúpa tábhachtach seo. Tá an zón seo á bhrandáil go sainiúil agus margaíocht dá réir déanta air freisin.

Is gá go mbeadh soláthar maith ceannachán nuálach ar fáil chun freastal ar riachtanais an chlársceidil ar lucht féachana náisiúnta agus niche. D'éirigh go hiontach le TG4 lucht féachana a mhealladh go rialta don scannán Western agus don chéad chraoladh Éireannach ar na sraitheanna drámaíochta déagóirí is aitheanta ó Stáit Aontaithe Mheiriceá.

In Earrach 2005, cuireadh tús le scéim phíolótach do chraoladh analógach trastíre ar TG4 do cheantar Bhéal Feirste ó tharchuradóir áitiúil ar Shliabh Dhubhais. In Aibreán 2005 tosaíodh ar sholáthar TG4 agus chainéil RTÉ chuig chustaiméir satailíte Sky i dTuaisceart Éireann. Tá an dá thionscnamh dáilithe sin thar a bheith tábhachtach do TG4 agus do phobal na Gaeilge agus don lucht féachana teilifíse i dTuaisceart Éireann.

Bhí TG4 ar a dhícheall ar thóir maoinithe breise do léiriúchán clár Gaeilge. Bunaíodh dhá scéim nua i 2005 a bhfuil tábhacht thar na bearta leo sa gcomhthéacs seo – An Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus *Sound and Vision,* an scéim mhaoinithe atá faoi choimirce Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Tá TG4 ag obair i ndlúth-pháirt leo sin atá ag riaradh an dá scéim. Cheana féin d'éirigh linn tacaíocht airgid a fháil ón gCCG do roinnt tograí agus táimid dóchasach go n-éireoidh linn oibriú i bpáirt le maoiniú ó scéim an Choimisiún Craolacháin freisin agus muid ag forbairt na dtograí oiriúnacha sin atá aitheanta agus réamh-ullmhaithe cheana féin ag Rannóg Coimisiúnaithe an chainéil fad is a bhí sonraí na scéimeanna maoinithe sin á ndréachtadh.

Is é príomh thasc agus sprioc TG4 soláthar ardchaighdeáin teilifíse Gaeilge. Tá coimisiúnú clár i gcroí an phróisis – cláracha atá sainiúil agus costas-éifeachtach. Choimisiúnaigh TG4 499 uair an chloig de chláracha nua-léirithe Gaeilge i 2005. Tháinig soláthar bliantúil RTÉ do TG4, 365 de chláracha/nuacht Gaeilge, sa mbreis air sin.

Rinneadh athghuthú go Gaeilge ar 120 uair an chloig breise de chláracha páistí.

Clúdach sna Meáin Chumarsáide

Mar chraoltóir seirbhíse poiblí, tuigeann TG4 gur gá dó próifíl ard a bhaint amach agus a choinneáil sna meáin. Cé nach bhfuil aige ach acmhainn phoiblíochta atá teoranta i gcomparáid le himreoirí eile, bíonn TG4 dícheallach ar thóir an méid is mó poiblíochta is féidir sna meáin dá chláracha, dá láithreoirí agus pearsain eile, dá lucht déanta clár agus dá ghníomhaíocht chorparáideach.

Tá straitéis phleanáilte phoiblíochta ag an gcainéal agus leagtar béim ar leith ar an gcaidreamh pearsanta le hiriseoirí agus tráchtairí. Chruthaigh an straitéis seo go maith i 2005 sa mhéid is gur tuairiscí dearfacha agus tacúla is mó a foilsíodh agus a craoladh maidir le TG4 sna meáin chló agus chraolta, fiú agus coimhlint ghéar idir na meáin éagsúla in Éirinn.

Is i méid atá an méid spáis agus ama a thugtar sna meáin d'ábhair agus do phearsain atá bunaithe ar nó a bhfuil baint acu le TG4. Tá na meáin réigiúnacha agus áitiúla ach go háirithe i dtiúin leis na dúshláin agus leis na suáilcí atá ag an gcainéal.

Tugann an rogha samplach seo a leanas léargas ar an sórt clúdaigh a fuair gníomhaíochtaí TG4 sna meáin ar fud an oileáin i rith na bliana 2005:

Irish Independent 10 Eanáir
"From no hopers to giant killers as TG4 slays competition."

***Western People* 16 Feabhra**
'When Teilifís na Gaeilge was first launched eight years ago it was dismissed……. But the programmers at TG4 have proved the doubters wrong'.

***Carlow Nationalist* 8 Aibreán**
'TG4 has some wonderful programmes in its schedule'

***Dundalk Democrat* 4 Bealtaine**
'TG4, as usual, proves to be the first stop for a dose of decent reality'

***Sunday Tribune* 5 Meitheamh**
'TG4 does lots of excellent documentaries but is also capable of some high-quality fluff, of which Paisean Faisean was the best."

***Sunday Business Post* 26 Meitheamh**
TG4 goes from strength to strength. The Irish language channel has defied the sceptics'

***Irish Independent* 27 Meitheamh**
Editorial Bualadh Bos; TG4 set an example to much richer stations. They have bright ideas…, and the ideas work…seldom have they shown such ingenuity as with their coverage of Wimbledon. … Revivalists, like rival television stations have something to learn from TG4'.

***Evening Echo* 23 Iúil**
'The folks at TG4… probably have the best all around variety of programmes. Sport, history, comedy, great films including classic westerns, and some very unusual and interesting documentaries. The best thing about TG4 is that they are not in your face about the whole Irish thing. I believe this home grown channel gives us the best all round entertainment value, and the cúpla focal as well'

Duaiseanna agus Gradaim

Bhuaigh cláracha agus láithreoirí TG4 gradaim agus duaiseanna go leor i 2005 ag féilte náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tar éis an dosaen duaiseanna a bhí faighte aige i 2004, lean an gearrdráma grinn *Yu Ming is Ainm Dom* lena dhuais-charnadh i 2005 nuair a thug sé leis an duais don Chlár is Nuálaí ó dhuais-scéim Eorpach Circom 2005 (áit a bhfuair an clár *Ringy* in ómós don laoch iomána ardmholadh freisin).

Ba thráthúil freisin gur thug *Fluent Dysphasia* (dráma eile ó chruthaitheoirí *Yu Ming*) dornán duaiseanna leis i 2005, ina measc Duais an Lucht Féachana ag Féile Scannán Chorcaí, moladh ag Féile Scannán Chiarraí, an Gearrscannán ag an bhFéile Scannán Ghael-Bhreataineach i mBeirlín, duais an Lucht Féachana ag Féile Scannán Mhontreal agus An Stiúrthóir is Fearr ag Féile Scannán Bhéal Feirste.

B'é *Cinegael Paradiso,* clár cuimhneacháin agus ceiliúrtha Robert Quinn's ar shaothar ceannródúil scannán pobail a athar, Bob, i gConamara a thug an mhórdhuais *Spiorad na Féile* leis ag an bhFéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse 2005 i gCaerdydd.

Fuair *Cúilín Dualach* fabhalscéal gearrbheochana, an duais don Bheochan is Fearr ag IFTA 2005, an duais chéanna ó Fhéile Scannán Chiarraí agus Duais Pucinella don Ghearrshaothar is Fearr ó fhéile Cartún an Chuain san Iodáil.

Bhuaigh *Concerto Chaitlín Maude,* clár ar shaol agus ar shaothar an amhránaí/agóidí/file an duais don Chlár Faisnéise Gaeilge ag IFTA 2005 agus lean an clár faisnéise ar an ealaíontóir cáiliúil gloine, *Harry Clarke, Dorchadas i Solas,* lena dhuaiseanna – thug sé leis an duais do chláracha faisnéise ón bhFéile Dhomhanda Scannán Fantasaíochta 2005 i Toronto.

Thug TG4 chúig dhuais leis ó Ghradaim Cumarsáide Oireachtas na Gaeilge faoi Bhealtaine. B'iad sin *Cinegael Paradiso*, agus duaiseanna pearsanta do Bhrian Tyers *(GAA Beo*) Tomás Ó Mainnín (*Nuacht TG4*), Aodh Óg Ó Duibheannaigh (*FFC*) agus Diarmuid Mac an Adhastair, (*Ros na Rún)*.

Ní dá chláracha amháin atá cáil na cruthaitheachta agus na nuála ar shaothar TG4. Tugadh aitheantas agus duaiseanna arís i 2005 do bhrandáil agus do shaothar bolscaireachta an chainéil. Thug fógra teilifíse a cruthaíodh don tsraith *Paisean Faisean* duais ghradamúil leis ón Institiúid Chruthaitheach Fhógraíochta agus Dheartha, ICAD.
Mar a tharla, thug fógra cló don tsraith chéanna grád Cré-umha leis ó Epica, ceann de phríomh dhuaiseanna na hEorpa. Fuair Suíomh Gréasáin an chainéil www.tg4.ie ainmniúchán Gearrliosta sa rannóg siamsaíochta ó Dhuaiseanna an Damháin Alla Órga 2005, an duais-scéim is aitheanta agus is fadbhunaithe dá shórt sa tír.

Anuas ar na duaiseanna agus na gradaim seo ar fad, bhí cláracha go leor eile de chuid TG4 luaite nó gearrliostáilte ag na mórfhéilte ábharacha ar fad agus

fuaireadar moladh mór ó thráchtairí agus ó léirmheastóirí dá nuál agus dá gceannródaíocht.

Figiúirí Féachana TG4 2005

Cuireadh tús le TG4 mar bhranda 27 Meán Fómhair 1999, beagnach trí bliana tar éis don stáisiún teacht ar an aer mar Theilifís na Gaeilge i 1996. Ó rinneadh an t-athrú sin, tá méadú seasta leanúnach tagtha ar an bhféachaint ar an gcainéal. Is í an scair bhliantúil 3.2% do 2005 an bhuaic ar an méadú sin, ardú faoi chúig beagnach, ar an scair fhéachana do luath thréimhse TnaG.



Tá TG4 tar éis é féin a shuíomh go stuama i margadh teilifíse na hÉireann. Tugann an léaráid thíos an scair fhéachana in Éirinn do na príomhchainéil teilifíse i 2005.

4 Scair Náisiúnta Fhéachana



Is ar na cainéil dhúchasacha Éireannacha atá beagán le cois leath na féachana teilifíse i dteaghlaigh na hÉireann anois. Ó tharla go bhfuil fáil ag 80% de na teaghlaigh sa tír ar chainéil eachtrannacha (agus an céatadán sin ag méadú in aghaidh an lae) tá an brú ollmhór seachtrach ar na cainéil dhúchasacha ag neartú go leanúnach. Tá sé le tabhairt faoi deara le cúpla bliain anuas go bhfuil an chomhscair atá ag na cainéil fhadbhunaithe (idir dhúchasach agus eachtrannach) ag laghdú de bharr na hiomaíochta agus go bhfuil an fhéachaint ar na cainéil bheaga dhigiteacha ag fás. Fágann an comhthéacs seo go bhfuil éacht ar leith déanta ag TG4 lena mhéadú rialta seasmhach ar a scair fhéachana gach bliain.

Scair fhéachana 1.1% a bhí ag TG4 i 1999. D'fhág seo ag uimhir 13 in ord tosaíochta na féachana ar chainéil teilifíse in Éirinn ag an am, chun deiridh ní amháin ar na cainéil Éireannacha agus na mórchainéil Bhreataineacha ach chun deiridh freisin ar Sky One, Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV. Fágann an scair fhéachana 3.2% atá ag TG4 do 2005 san ochtú áit é, chun tosaigh ar Sky One, Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV.

Go deimhin tharla sé cúpla uair i rith na bliana go raibh TG4 chun tosaigh nó ar chomhchéim le BBC2 agus Channel 4, go háirithe ag deireadh na bliana nuair a bhí an-éileamh ar chlársceideal Nollag TG4. Thuill an cainéal an scair sheachtainiúil 5% an uair sin, an ceann ab airde riamh ina stair.

Ó cuireadh tús leis, tá an beochlúdach spórt an-tábhachtach do chlársceideal TG4, go háirithe sa gclúdach ar na cluichí Gaelacha. Bíonn an clár *GAA Beo* sa Fiche Clár is Fearr ag TG4 gach bliain ó 1999 agus is amhlaidh do 2005 mar go raibh 10 gclár ón tsraith i gceist sa liosta sin.

Mheall an beochlúdach ar Chluiche Ceannais Sinsear na hÉireann i gCraobh TG4 i bPeil na mBan (Corcaigh v Gaillimh) meán-lucht féachana ós cionn 200,000

duine, an ceathrú cuid den iomlán a bhí ag féachaint ar an teilifís in Éirinn an iarnóin sin.

Beochlúdach ar Chluichí Ceannais na Sraithe Peile agus Iomána Allianz a thug an chéad dá áit eile leo agus bhí beochlúdach eile spóirt ar fáil ar TG4 den chéad uair i 2005 freisin sa gclúdach ar *Shraith Eircom, Corn FAI, Wimbledon*, an *Tour de France* agus Corn Snúcair Thuaisceart Éireann mar aon leis an soláthar bunaithe rásaí capall, con agus mótarspóirt.

Cé gur léir tábhacht an bheospóirt ardchaighdeáin do TG4, ní mhéadóidh an cainéal a scair fhéachana dá mbeadh sé ag brath go hiomlán ar aicme amháin cláir. Tá tóir ag an lucht féachana ar raon, ar scóp agus ar éagsúlacht an ábhair sa gclársceideal fré chéile.

Cuireadh athrú suntasach ar an sceideal i dtús 2005, go háirithe don oíche Luan. I measc na gclár nua a cuireadh sa sceideal don oíche sin, bhí *Paisean Faisean, Nip/Tuck* agus *The O.C.* agus é mar aidhm lucht féachana níos óige, go háirithe mná, a mhealladh. Ní fhéachann an aicme seo ar oiread teilifíse le haoisghrúpaí eile agus bhíodh sé sách doiligh at TG4 an aicme sin a mhealladh. Tá an trí shraith atá luaite thuas ar fáil anois ar liosta seachtainiúil na gclár is mó a thuill lucht féachana don chainéal. Sa tréimhse Eanáir-Aibreán 2005, bhí scair fhéachana 10% ag TG4 don aoisghrúpa 15-24 bliain - trí oiread an mheánscair don chainéal. Leanadh sa gcuid eile den bhliain leis an tús láidir seo don oíche Luan.

Rinne *Cúla4* an tseirbhís laethúil go sármhaith i rith na bliana agus is minic go raibh scair fhéachana os cionn 20% aige do pháistí. I nDeireadh Fómhair 2005 a thionscnaigh TG4 an zón nua laethúil sceidil *Síle,* atá dírithe ar dhéagóirí agus ar dhaoine sna luath-fhicheadaí. Is í Síle Ní Bhraonáin a chuireann an zón seo i láthair, ina bhfuil meascán tarraingteach spleodreach de shraitheanna aitheanta idirnáisiúnta ar nós *Pimp My Ride*, *The O.C, One Tree Hill,* agus *What I Like About You* mar aon le *Pop4*. Faoi dheireadh na bliana, bhí 40% den sprioc aoisghrúpa tar éis féachaint ar *Shíle* agus tá an meánscair fhéachana chun tosaigh ar mheán seachtainiúil an chainéil. Tá ag éirí go maith leis an sraitheanna aitheanta ar fad sa zón.

Mar chaoltóir seirbhíse poiblí, caithfidh TG4 a chinntiú go bhfuil tóir ag gach aoisghrúpa sa tír air. Tá éagsúlacht mhaith sa gclársceideal agus a chruthúnas sin ar fáil sa Fiche Clár is Fearr do 2005.

Ní nach ionadh tá craolta spóirt chun tosaigh ar an liosta sin, *GAA Beo* mar aon le *Laochra Gael*, an tsraith ómóis agus chuimhneacháin ar réalta peile agus iomána. Tá drámaíocht ann i bhfoirm na scannán (go háirithe an Western ar an Aoine agus Scannán na Seachtaine ar an Mháirt), an tsraith dhúchasach *Ros na Rún* agus na sraitheanna aitheanta idirnáisiúnta *The O.C., One Tree Hill, Cold Case*, agus *Nip/Tuck*.

Tá na sraitheanna faisnéise *Cogar, Bean an Tí* and *Siar sna Seachtóidí* ar fáil sa Fiche Clár is Fearr mar aon le *Nuacht TG4.* Tá saolchláir ann ó *Paisean Faisean* agus *Hector San Afraic*. D'éirigh go maith arís i 2005 le cláracha ceoil traidisiúnta agus bhí séasúr an-mhaith ag *Geantraí* (den deichiú bliain as a chéile) agus chruthaigh *Steip* go bhfuil éileamh ar dhamhsa ar an sean-nós.

Cuireann TG4 a chruth féin ar an réilifís agus bhí tóir ar *Underdogs* agus ar *Ghlór Tíre* i gclársceideal an Fhómhair.

Suíomh Gréasáin

I 2005, tháinig méadú 62% ar an trácht ar Shuíomhanna Gréasáin TG4 (www.tg4.ie / www.tg4.com / www.tnag.ie / www.cula4.com www.rosnarun.com). Ábhar tacaíocht don chlársceideal agus idirghníomhaíocht bhreise is mó a spreag an fás. B'as Stáit Aontaithe Mheiriceá a tháinig os cionn 50% de na cuairteoirí agus tháinig tuairim 20% as Éirinn.

Meán Chuairteoirí Laethúla



Tugadh aitheantas le duaiseanna agus gradaim d'ardchaighdeán agus do thrácht ar an Suíomh i 2005. I mí na Samhna, thuill sé gradam gearrliosta sa rannóg siamsaíochta ó Dhuais an Damháin Alla Órga. I mí na Nollag, roghnaíodh an Suíomh don ghearrliosta do na Duaiseanna Ríomh-Rialtais agus ainmníodh an Suíomh le bheith san iomaíocht ag an leibhéal idirnáisiúnta sa duaisaicme do na NuaMheáin ag an bhFéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse. (i dtús 2006 a fógraíodh buaiteoirí don dá dhuais sin).

Mhéadaigh an idirghníomhaíocht ar Shuíomh TG4 i 2005. B'iad na hábharaicmí seo a leanas ba mhó a chuir dlús faoin bhfás ar pháirtíocht cuairteoirí ar an Suíomh:

- Íoslódáil (Cluichí *Hiúdaí*, LíonTV, Fáiscíní Scannán)
- Comhfhreagras leis an Suíomh (Aiseolas, Fiosrúcháin faoin sceideal)
- Dhá mhórimeacht (éisteachtaí d'aiseoirí do *Harry Potter* & vótáil do Chúil na Bliana)
- Ábhar leanúnach idirghníomhaíoch ar feadh na bliana (Vótáil, Comórtais, Pobalbhreitheanna)

Spreag Cúil CLG na Bliana breis is 53,000 vóta mar aon le sruth leanúnach aiseolais agus is léir anois gurb é an Suíomh an príomhphointe teagmhála do TG4 lena lucht féachana ar fud an domhain.

Cúil CLG na Bliana– Vótáil an Lucht Féachana i gComórtas 2005			
Vótaí Peile	16,159	Vótaí Iomána	36,860
Iomlán Vótaí	**53,019**		

Ioncam

Buiséad €27,177,808 a bhí ag TG4 do mhaoiniú reatha 2005 mar a leagadh amach i dtús na bliana:

- Deontas-i-gCabhair €23,989,000
- Réamhfhaisnéis d'ioncam glan fógraíochta €3,188,808

Fíor mhaoiniú €27,651,619 a bhí ann don bhliain, bunaithe ar:

- Deontas-i-gCabhair (mar atá thuas) €23,989,000
- Ioncam tráchtála glan €3,662,619

Méadú €696,920 nó 3% a bhí ar an deontas-i-gcabhair ón Státchiste ar leibhéal 2004.

Is ionann agus 15% ar an mbuiséad an méadú €473,811 ar an ioncam glan fógraíochta agus cuireadh seo chun leasa caiteachais bhreise ar ábhar coimisiúnaithe agus ceannacháin.

Léiríonn torthaí 2005 go raibh méadú €674,635, 22% ar an leibhéal ioncaim glan ó fhoinsí tráchtála i gcomparáid le 2004. San iomlán, d'fhág seo go raibh cistíocht bhreise €1,371,555 ar fáil i 2005.

Ioncam	**Buiséad 2005**	**Fíor 2005**	**Fíor 2004**	**Athraitheas 2005**
Deontas i gCabhair	23,989,000	23,989,000	23,292,080	
Tráchtáil	3,188,808	3,662,619	2,987,984	
Ioncam Iomlán	**27,177,808**	**27,651,619**	**26,280,064**	**473,811**

Caiteachas Clár

Caiteachas díreach clár €19,594,795 a rinneadh i rith na bliana (ar an bpríomhsceideal agus ar an sceideal tacaíochta) méadú €1m ar 2004 agus €717,253 níos airde ná an buiséad clár a leagadh amach ar dtús do 2005.

Caiteachas	Buiséad 2005	Fíor 2005	Fíor 2004	2005 Athraitheas
Cláracha				
Coimisiúin	13,150,653	13,492,191	11,991,950	-341,538
Ceannachán/Athghuthú/ Pacáistiú	5,015,652	5,408,408	6,079,033	-392,756
Costas Clár Breise.	711,237	694,196	520,075	17,041
Costas Iomlán Clár	**18,877,542**	**19,594,795**	**18,591,058**	**-717,253**

Caiteachas €17.2m a rinneadh ar an bpríomhsceideal, sin 72% den mhaoiniú Státchiste, méadú 4% ar 2004.

Tugann an Tábla a leanas an caiteachas ar an bpríomhsceideal i 2005 de réir aicme clár:

Aicme Clár	€m
Cláracha Coimisiúnaithe	
▪ Cláracha Daoine Fásta	13.49
Ceannachán/Athghuthú	
▪ Sceideal Daoine Fásta	.84
▪ Sceideal na bPáistí	1.96
Costais Bhreise Clár	
▪ Fotheidealú	.22
▪ Cearta Ceoil, Comhairleoireacht &rl	.69
Iomlán	**17.20**

Caiteachas €2.39m a rinneadh ar an sceideal tacaíochta

Aicme	€m
▪ Spórt	.09
▪ Siamsaíocht	2.22
▪ Nuacht/Cúrsaí	.08
Iomlán	2.39

Cláracha Coimisiúnaithe

499 uair an chloig d'ábhar a cruthaíodh as an €13.49m a caitheadh ar choimisiúnú i 2005. Tugann an tábla a leanas an caiteachas de réir uaireanta an chloig agus aicme clár le dhá bhliain anuas.

	2005		2004	
Aicme	**€000**	**Uair**	**€000**	**Uair**
▪ Ros na Rún	3,386	36	3,313	36
▪ Faisnéis	1,549	34	1,508	32
▪ Cogar (leathuair)	598	11	539	11.5
▪ Spórt	3,233	216	2,334	169
▪ Drámaíocht	1,269	14	999	11
▪ Ceol	931	80	1,567	103
▪ Siamsaíocht	1,454	37	897	23
▪ Taisteal	153	5	290	7
▪ Stiúideo	487	64	320	58
▪ Eile	430	2	226	12
Iomlán	13,490	499	11,992	462

Ros na Rún

Bhí bliain mhaith ag sraith-dhráma aitheanta an chainéil. Mhéadaigh an lucht féachana, thuill an tsraith moladh ag féilte agus ag comórtais agus mhol léirmheastóirí agus an lucht féachana an t-atmasféar ar leith sa dráma tuaithe seo, raon na snátha scéil agus stuaim an dráma ag deileáil le ceisteanna casta agus leochaileacha i ndáil le caidreamh pearsanta agus sóisialta. Fágann scála an léiriúcháin (páirtíocht idir Eo Teilifís agus Léirithe Thír Eoghain) agus an raon scile i réimsí cruthaitheacha, teicniúla agus riaracháin, go bhfuil sé thar a bheith oiriúnach mar phointe iontrála chun na hearnála teilifise dóibh sin ar mian le cur lena gcumas agus lena dtaithí. Déanann an tsraith leas ar leith oideachasúil leis an scéim ar leith do scoileanna atá bunaithe agus faoi lánseoil.

B'ábhar mórtais don chainéal freisin gur dhíol sé an tsraith le WYBE, gréasán poiblí teilifíse i Philadelphia, Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtús 2005.

Bhí d'onóir ag an tsraith freisin gur thug An Taoiseach, Parthalán Ó hEachthairn, TD, cuairt ar an láthair léirithe 24 Meitheamh 2005.

Cearta Spóirt

I bhfianaise imeachtaí sa margadh teilifíse náisiúnta agus idirnáisiúnta i 2005, is géire ná riamh an tábhacht straitéiseach atá le conarthaí cearta teilifíse ar imeachtaí spóirt a athnuachan nó conarthaí nua a bhaint amach. D'éirigh le TG4 roinnt conarthaí tábhachtacha sa réimse seo a athnuachan agus roinnt conarthaí nua do chearta ar imeachtaí ard-aitheantais a bhaint amach.

Sna cluichí Gaelacha, haontaíodh conradh cearta nua trí bliana le CLG, i bpáirt le RTÉ. Cuirfidh an comhaontú nua seo síneadh go deireadh na Sraitheanna Náisiúnta 2008 le cearta eisiacha TG4.

Chuir comhaontú nua, ceannródúil le Cumann Sacair na hÉireann cearta eisiacha teilifíse ar fáil do TG4 ar líon suntasach cluichí Sraithe agus Coirn 2005-2009.

D'éirigh le TG4 cearta eisiacha a fháil don Tour de France 2005-2009, an rás rothaíochta is aitheanta sa domhan. Fuair clúdach an chainéal ar Tour 2005 ardmholadh ó léirmheastóirí, lucht leanta an spóirt agus ón lucht féachana teilifíse.

Fuair an cainéal cearta eisiacha beochraolta teilifise in Éirinn leis ar Chraobhacha Leadóige Wimbledon 2005-2007, imeacht spóirt eile a bhfuil lucht leanta dílis aige sa tír seo, idir fhir is mhná. Tugadh ardmholadh do chlúdach TG4 ar Chraobh 2005 (féach an sliocht as eagarfhocal san *Irish Independent* atá tugtha thuas.)

I Lúnasa 2005 chraol an cainéal a chéad chraobh snúcair, Corn Thuaisceart Éireann, ón Ionad Cois Uisce i mBéal Feirste agus mórimreoirí an domhain páirteach.

Faoi mar is gnách, b'é an comhlacht léiriúcháin Nemeton, Ghaeltacht na Rinne i bPort Láirge a sholáthraigh an clúdach seo – agus go leor eile de sholáthar spóirt TG4 i 2005. hAontaíodh síneadh trí bliana a chur leis an an gconradh ollsoláthair spóirt atá ag an gcomhlacht seo leis an gcainéal agus beidh deireadh le téarma an chonartha nua i Samhradh 2008.

Bhí 162.5 uair an chloig i gceist leis an gclúdach rothaíochta agus leadóige seo, léiríodh an t-iomlán go hinmheánach i gCeannáras TG4 agus ba mhór an maisiú iad ar an Sceideal Samhraidh.

Ócáid	**Uaireanta**
▪ Wimbledon	84.5
▪ Tour de France	71
▪ Craobh Rothaíochta an Domhain	7
Iomlán	162.5

Ceannacháin don Phríomhsceideal Gaeilge

Sceideal na nDaoine Fásta
Rinneadh athghuthú ar 50 uair an chloig de chláracha faisnéise ceannaithe i rith na bliana.

Siamsaíocht:
Rinneadh pacáistiú ar 35 uair an chloig d'ábhar ceannacháin siamsaíochta.

Sceideal na bPáistí:
Ceannachán 170 uair an chloig a rinneadh i rith na bliana agus athghuthú ar 120 uair de sin.

Cúrsaí Foirne

Figiúir ionann is 78 post a bhí áirithe mar uimhir foirne lánaimseartha i gcuntais TG4 i 2005, ar chostas €4.25m (pinsin san áireamh). Bhí leibhéal seasmhach ar an gcroífhoireann i rith na bliana ach bhí méadú ar an líon foirne a bhí ar chonradh sealadach gearrthréimhseach

Foireann	**2005**	**2004**
▪ Líon	78	77
▪ Costais	€4.248m	€4.033m

Caipiteal

Cuireadh €2.09m breise in iomláine leis na sócmhainní seasta i rith na bliana.

Bhain costas €1.23m le sócmhainní athsholáthair de thoradh na tintrí. Bhí €1.075m de sin aisghafa ó árachas faoi 31 Nollaig 2005. Tá an t-éileamh árachais sin fós á phróiseáil agus tá súil tuairim €340k a athghabháil as i 2006.

Deontas caipitil €869k a fuarthas ón Státchiste i 2005.

Urraíocht Clár

Tá ag éirí le TG4 fás leanúnach a chur ar a ioncam ó urraíocht clár. Tuilleadh €289,750 mar seo i 2005, méadú 10% ar an €262,620 i 2004.

Clár	Urra
▪ *Ros na Rún*	Foras na Gaeilge
▪ *Aimsir Láithreach*	Eircom
▪ *Peil na mBan – C Ceannais Sraithe*	Suzuki
▪ *Peil na mBan –Leath-Cheannais Sraithe*	Suzuki
▪ *Sraith Allianz*	Allianz
▪ *C Ceannais Iomána faoi 21*	Erin
▪ *Scannáin deireadh oíche*	Heineken
▪ *Scannáin ón Áis*	Tiger Beer
▪ *Hector san Aifric*	O2
▪ *Rásaí na Gaillimhe*	William Hill/Sanely Bet
▪ *Tour de France*	Cycleways
▪ *Craobh Rothaíochta an Domhain*	Cycleways
▪ *Paisean Faisean*	Nokia

Ioncam ó dhíolachán fógraíochta

Ainneoin an iomaíocht a bheith ag dul i ngéire i margadh na hÉireann, d'éirigh le TG4 i 2005 tógáil ar a bhfuil bainte amach aige i mblianta eile i ndíolachán fógraíochta. Chuidigh an dea sceidealú, cláracha fiúntacha agus margaíocht éifeachtach linn an lucht féachana is airde riamh a bhaint amach don chainéal, rud a chuir ar chumas ár gcomhlacht díolacháin Post TV, an leibhéal is airde fós díolachán fógraíochta a bhaint amach i rith na bliana.

- Leagadh síos sprioc €4,050,000 don bhliain. Sáraíodh an sprioc seo le díolachán €4,170,100, sin fuílleach €120,100 ar an sprioc.

- B'ionann seo agus méadú 20% ar 2004, leibhéal atá thar a bheith sásúil nuair a mheabhraítear gur fás 13% a tharla sa margadh in Éirinn i 2005 (Foinse: Carat Ireland)

Díolachán Fógraíochta TG4 2001 – 2005 (€m)



Gross Revenue

Margaíocht

Cuireadh athrú suntasach ar ghníomhaíocht mhargaíochta TG4 i 2005 nuair a tháinig QMP Publicis ar bord mar áisíneacht mhargaíochta agus chumarsáide an chainéil ó 1 Feabhra. Leagadh síos buiséad margaíochta €800,000 agus socraíodh straitéis mhargaíochta ina raibh spriocanna bliantúla leagtha síos d'fhigiúir féachana don chainéal go ceann trí bliana. D'fhorbair QMP an straitéis i bpáirt le foireann TG4 i sraith ceardlanna agus cruinnithe. Tá d'aidhm ag an straitéis nua roinnt feachtas a bhunú a mbeidh aidhm dhúbailte acu – daoine nua a mhealladh mar lucht féachana agus cuid den lucht féachana ócáidiúil reatha a mhealladh le bheith ag féachaint go rialta. Seo achoimre ar na feachtais fhógraíochta a bhí ag TG4 i 2005.

Ros na Rún: Dhírigh an feachtas seo ar shnáth scéil conspóideach amháin sa dráma, bhíog sé an pobal agus bhí gné-altanna faoi i nuachtáin agus míreanna faoi ar chláracha raidió. D'éirigh leis an bhfeachtas, ina raibh fógraí teilifíse, raidió agus cló in úsáid, méadú a chur ar an lucht féachana do *Ros na Rún*.

GAA Beo: Bhí an feachtas seo dírithe ar lucht leanta spóirt agus dá réir sin baineadh leas den chuid is mó as spás fógraíocht ar leathanaigh spóirt na bpríomhnuachtán. Bhí de thoradh ar an bhfeachtas go bhfuil méadú 5% ar an bhféachaint ar na cluichí beochraolta ionas go bhfuil meán 90,000 duine mar lucht féachana ag cluiche anois.

Paisean Faisean: Ghin an feachtas seo go leor conspóide mar gur lean an íomhá a roghnaíodh don fhógra téama na sraithe féin – bean gléasta faoi mar ba mhaith le fear é. Roghnaíodh meáin don fhógra seo a bheadh ag teacht leis an sprioc-lucht féachana agus dá réir sin baineadh leas as meáin bhreise – Suíomhanna Faisin ar an nGréasán, Suíomhanna Gréasáin d'Ionaid Aclaíochta, foilseacháin faisin agus raidió agus teilifís. Bhí lucht féachana Shraith 2 ar aon chéim le Sraith 1.

Glór Tíre: Leagadh béim ar an raidió sa bhfeachtas seo, go háirithe ar raidió áitiúil. Tréimhse ceithre seachtainí i Meán Fómhair a bhí sa gcéad chuid de agus an dara cuid i ndeireadh na Samhna tráth a raibh iomaíocht dhíreach idir amhránaithe ar bun sa gclár féin. Bhí méadú 12% ar na figiúirí féachana don chéad chraoladh ar an gclár agus méadú 100% ar an athchraoladh.

Underdogs: Díríonn an tsraith seo ar lucht féachana spóirt agus siamsaíochta ar aon agus b'é seo an tríú séasúr. Tháinig feachtas TG4 i dtír ar an imeartas focal a d'eascair as teideal an chláir a bheadh a mar bhuaic leis an tsraith, nuair a bheadh na Madraí ag tabhairt dúshlán na gCat (Cill Chainnigh). Baineadh leas as teilifís, raidió agus na meáin chló agus faoin aer. Baineadh amach méadú 25% ar an meán don lucht féachana per clár sa tsraith.

Brandáil

Leag TG4 béim ar dtús ar thábhacht na brandála agus ar fhorbairt íomhá an chainéil agus an bhranda. Leanadh leis an obair seo i 2005 le roinnt tionscnamh ar nós léiriú ar an dara sraith blaisíní aitheantais don chainéal. Rinne TG4 infheistíocht shuntasach freisin sna deiseanna brandála atá ar fáil i bPáirc an Chrócaigh agus tá fógra buan don chainéal anois ar taispeáint sa staid mhóraitheantais náisiúnta seo ó cheann ceann na bliana.

Urraíocht TG4

Tá na buntáistí iomadúla a leanann as an bpáirtíocht speisialta dúbailte idir TG4 agus Peil na mBan fós ag dul chun tairbhe dúinn. Mar urra ar an gCraobh peile seo agus mar úinéir na gcearta craolta teilifíse orthu, tá dlúthchaidreamh ag an gcainéal teilifíse leis an eagras speisialta spóirt seo. Leanadh i 2005 leis an méadú ar na figiúirí féachana teilifíse ar Chluichí Ceannais na hÉireann.

Tá *Gradam Ceoil TG4,* anois ar cheann de mhórchláracha na bliana agus treisíonn sé an cháil atá bainte amach ag an gcainéal mar phríomhsholáthraí teilifíse an cheoil traidiúnta, ceann de na heilimintí is sainiúla, is tábhachtaí agus is tarraingtí dár n-oidhreacht chultúrtha agus den chultúr beo freisin. Is fearrde fós go bhfuil an *Gradam Ceoil* buanaithe anois mar phríomh-aitheantas náisiúnta do scoth-oirfidigh agus cumadóirí.

Is cuid tábhachtach é *Comórtas Físeáin TG4*, den tseirbhís freisin, comórtas do dhalta an dara leibhéil oideachais agus a spreagann iad chun gearrsaothar físeáin a chruthú, a scripteáil agus a léiriú. Is é TG4 urra agus riarthóir an chomórtais agus bíonn de thoradh air go gcraoltar go náisiúnta an chuid is fearr de na físeáin seo agus go mbíonn an buaiteoir san iomaíocht thar ceann na hÉireann i gcomórtas idirnáisiúnta agus na daltaí a léirigh ar thuras deas thar sáile chuige. Cuireann an comórtas seo TG4 i dteagmháil dhíreach le aicme fhéachana ar deacair theacht orthu go minic agus tugann blaiseadh dóibh den earnáil teilifíse agus scannán.

Dhírigh iarracht mhargaíochta TG4 i 2005 ar spriocanna réamh-aontaithe a bhaint amach i ndáil le méadú ar fhigiúirí féachana a bhí insroichte. Cé go raibh méadú beag ar líon na bhfeachtas, rinneadh infheistíocht bhreise i ngach rois le go mbeadh toradh níos fearr fós ann.

Táthar ag leanacht leis an bhforbairt ar bhranda TG4 agus beidh a rian sin le feiceáil sna tioscnaimh mhargaíochta ón gcainéal amach anseo.

Neamhspleáchas

I nDeireadh Fómhair 2004, chinn an Rialtas go mbunófaí Grúpa Bainistíocht Togra (PMG) chun bunú TG4 mar eintiteas neamhspleách a fheighil.

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha 30 Meitheamh 2005 go raibh Deloitte and Touche mar aon le comhlacht dlíodóirí William Fry ceaptha ag a Roinn le cabhrú le Plean Gníomhaíocht don neamhspleáchas a chur le chéile. Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa, Iúil-Samhain 2005. Chuir na comhairleoirí neamhspleácha a dtuarascáil féin faoi bhráid na Roinne 30 Samhain 2005.

Thug an an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Nollaig Ó Díomasaigh, TD cuairt ar Cheannáras TG4 13 Bealtaine 2005. Bhí deis aige bualadh leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann agus tugadh suas chun dáta é ar obair na seirbhíse. Seachtain i ndiaidh na cuairte sin, thug Rúnaí Cúnta na Roinne, Éamonn Molloy, cuairt ar an gCeannáras.

Comhchoiste an Oireachtais

I dtús an tSamhraidh fuair TG4, mar aon le príomhimreoirí eile na hearnála, cuireadh ón gComhchoiste Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha freastal ar chruinniú den Chomhchoiste i seisiún poiblí le cur i láthair a thabhairt agus leis an gComhchoiste a chur ar an eolas faoi nithe ar cheart díriú orthu sa reachtaíocht chraolacháin atá ar na bacáin.

Tionóladh an seisiún sin i dTeach Laighean 13 Iúil agus rinne toscaireacht ó ardbhainistíocht TG4 cur i láthair. Bhí an Cathaoirleach, Noel O'Flynn TD agus na comhaltaí eile a bhí pháirteach thar a bheith moltach faoi obair TG4 agus léirigh a lántacaíocht. Lean plé an cur i láthair agus tráchtadh lena linn ar raon leathan ábhar, ina measc maoiniú don todhchaí, stádas reachtúil TG4 agus an cur chuige rialála ab fhearr a d'oirfeadh don chraolachán in Éirinn.

Gnóthaí Corparáideacha

Ghlac an cainéal páirt ghníomhach i 2005 sna scátheagrais ar fad atá ag obair ar son na forbartha san earnáil chraolacháin agus léiriúcháin, Theas agus Thuaidh. Tá ionadaíocht ag leibhéal oifigigh nó boird ag TG4 ar na heagrais thábhachtacha ar fad – Cónaidhm Chlosamharc IBEC Cónaidhm Theileachumarsáide agus Ghréasáin IBEC, Grúpa Cábla agus Craolacháin IBEC, Grúpa na gCraoltóirí Teilifise in Éirinn, an Fhéile Cheilteach Teilifíse agus Scannán agus Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann.

Fís agus Fuaim – Ciste Choimisiún Craolacháin na hÉireann

D'fhógair an Coimisiún an chéad bhabhta maoinithe faoin scéim seo i nDeireadh Fómhair 2005 agus bhí go lár mhí na Nollag ag iarrthóirí le tograí a chur isteach. Bhí TG4 i gcaidreamh rialta le riarthóirí na scéime seo i bhfad sular fógraíodh an babhta maoinithe. Tá roinnt mhaith tograí aitheanta agus forbartha ag Rannóg Coimisiúnaithe TG4 mar réamhullmhúcháin d'fhógairt an bhabhta agus tá siad seo curtha faoi bhráid an Choimisiúin anois ar thóir maoinithe.

Tuaisceart Éireann

Chuaigh Ciste nuabhunaithe Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann i mbun oibre i 2005 agus é á riaradh faoi scáth Choimisiún um Raidió agus Theilifis Thuaisceart Éireann. Bhí TG4 i gcaidreamh rialta le riarthóirí na scéim seo i bhfad sular fógraíodh an babhta maoinithe. B' ardú croí do TG4 go raibh na tosaíochtaí clár a d'fhoilsigh an Ciste ag tús an chéad bhabhta ag teacht go dlúth le riachtanas clár TG4 féin.

I 2005 d'éirigh le 13 togra de chuid TG4 maoiniú a fháil ón gCiste. Tugann an Ciste maoiniú ar choinníoll go dtugann an craoltóir páirt-mhaoiniú freisin i ngach cás. Léiríodh formhór an 13 togra i 2005 agus craoladh na chéad chláracha acu in Eanáir 2006.

In Earrach 2005, tionscnaíodh scéim phíolótach faoina bhfuil tarchur trastíre analógach áitiúil ar bun ar TG4 do cheantar Bhéal Feirste ó chrann craolta ar Shliabh Dhubhais ansin. In Aibreán 2005 tosaíodh ar chomhartha TG4 agus RTÉ a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann do chustaiméirí satailíte Sky ansin.

Chuir an dá bheartas sin go mór le glacadh i dTuaisceart Éireann ar chomhartha TG4 agus is díol suntais ar leith iad agus céim mhór chun cinn do phobal na Gaeilge ó thuaidh agus don lucht féachana teilifíse ansin. Tá an cainéal go mór faoi chomaoin acu sin ar fad, thuaidh agus theas, idir lucht craolacháin, státsheirbhísigh agus ionadaithe tofa poiblí arbh í a bpáirtíocht a chinntigh gur tugadh na beartais seo chun críche.

Tograí Caipitil

Bliain mhaith ab ea 2005 do thograí caipitil agus críochnaíodh roinnt tograí tábhachtacha a chinntíonn go bhfuil TG4 fós i dtús cadhnaíochta le nuál i dteicneolaíocht an láithreachais teilifíse agus an chraolacháin.

Bhí críochnú Chéim 2 den Togra Ionchuir ar an rud ba shuntasaí sa réimse seo i 2005. Tig leis an gcóras anois rochtain a thabhairt do níos mó ná úsáideoir amháin ar thaisce ós cionn 100 uair an chloig d'ábhar físe agus fuaime. Tig ábhar a thaifeadadh anois ó Flexicart agus é a dubbáil díreach chuig na freastalaithe tarchuir.

Oireann an fhorbairt seo freisin d'insealbhú an dá fhreastalaí nua físeán, rud a chuireann ar ár gcumas glacadh isteach le fógraí gan iad a bheith ar téip. Is ón gcomhlacht Breataineach IMD a fuaireamar ceann de na freastalaithe seo agus ón gcomhlacht Astrálach Adstream a tháinig an ceann eile. Baineann siad leas as ríomh-theicneolaíocht chun na fógraí a sheachadadh go TG4 agus iad a aistriú, le cabhair Flip Factory ó chomhlacht Telefstream chuig formáid GXF le craoladh.

I rith na bliana freisin a d'éirigh le Metra Information, comhlacht ón Nua-Shéalainn, fochuideachta d'Oifig Mhéiteareolaíoch na tíre sin, an tairiscint bhuacach a dhéanamh don chonradh tairisceana do sholáthar sheirbhísí aimsire TG4. Faoin socrú nua tá dhá fhreastalaí curtha i bhfearas chun data a stóráil

agus tá trí stáisiún oibre i bhfearas d'ullmhú agus do chraoldh na ngraificí aimsire.

Buntáiste eile atá ag an socrú nua gur féidir an t-ábhar taifeadtha aimsire ó cheamara áitiúil ar an gcrann craolta ag an gCeannáras ar an tírdhreach agus ar an spéirdhreach áitiúil, a fhí isteach sna craolta ar an Aimsir Láithreach. Beidh ar ár gcumas an t-ábhar ón gceamara seo a chur ar fáil ar an nGréasán.

Cuireadh i bhfearas freisin gineadóir nua 650KVA a bheidh ábalta freastal ar riachtanais uile leictreachais TG4 faoi láthair agus amach anseo.

Cuireadh an Nasc-Sonraí 30Mbs le RTÉ in mBaile Átha Cliath i bhfearas i 2005 freisin. Tig leis an nasc seo ábhar a sheachadadh i gceachtar treo agus lena chabhair tig le TG4 fógraí a ghlacadh ó Londain le snáithín optach. Meastar go mbeifí in ann an nasc seo a úsáid i gcás go dteipfeadh ar an gcóras eile a chuireann ábhar TG4 isteach sa gcóras tarchuir.

D'athraigh TG4 an córas do Dhíolachán Fógraí i 2005. Is é an Harris Corporation a bhuaigh an tairiscint agus is córas Landmark 2 atá in úsáid feasta. Tá seo bunaithe in oifig Post TV i mBaile ach is féidir dul isteach ann ón gCeannáras i mBaile na hAbhann via Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN).

Cuireadh tús freisin le córas nua graificí Delta i 2005. Cuireann seo ar ár gcumas maisíochtaí agus feabhas breise a chur ar chuma an chainéil ar an scáileán.

Leanadh leis an togra chun ríomhairí pearsanta na foirne a uasghrádú, cuireadh i bhfearas aonad nua d'fhorghuthú do na láithreoirí leanúnachais agus rinneadh forbairt bhreise ar inlíon eolais *Foras Feasa*.

Cuireadh aonad nua síothlaithe séarachais i bhfearas don Cheannáras, insealbhaíodh malartán nua teileafóin in oifig Bhaile Átha Cliath. Cuireadh isteach ionchódóir nua MPEG2 in RTÉ i mBaile Átha Cliath chun comhartha TG4 a sheachadadh chuig an dáilitheoir cábla ntl.

Bhuail splanc mhór thintrí an túr innealtóireachta lámh le Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann ar Lá Caille, 1 Eanáir 2005. Rinne an splanc roinnt damáiste fhisiciúil do threalamh sa gCeannáras agus b'éigin córais mhúchta dóiteáin, cláracha dáilithe cábla agus línte teileafóin nua a fháil.

Ba mheasa go mór, áfach, an dochar agus an damáiste a rinne an tintreach do raon leathan córais bogearraí agus cruaearraí ríomhaireachta. Rinneadh damáiste go leor freisin don bhonneagar inmheánach craolacháin. B'éigin córas nua iomlán ceamaraí do Stiúideo 1 a chur isteach. Scriosadh an seit fíorúil a bhí in úsáid do *Cúla4*, agus b'éigin ceann nua a chur ar fáil mar aon leis an gcóras inmheánach inchuma.

Rinne an tintreach dochar freisin don ghliú (na malartáin agus dáilitheoirí digiteacha a nascann na córais éagsúla le chéile sa gCeannáras). D'fhág seo gurbh éigin an gliú bunaidh a bhaint mach agus gliú agus sreangáin nua a chur isteach ina n-áit. Bhí ar TG4 and Deasc nua Fuaime a chur isteacht i Stiúideo 1, mar aon le deasc nua soilsithe i Stiúideo 1 agus 2 agus roinnt monatóirí ardchaighdeáin ar fud an Cheannárais. Meastar go raibh costas €1.23m i gceist i 2005 de thoradh na tintrí.

Tugadh Clár Sócmhainní TG4 suas chun dáta agus críochnaíodh é. Rinneadh clárú ar gach sócmhainn a cheannaigh an comhlacht ó 1996 agus is féidir iad a chuardach de réir cód táirge agus dímheas cuí curtha i bhfeidhm ar a luach de réir na mblianta.

Clabhsúr

Is iomaí dúshlán roimh TG4 i 2006 – maoiniú breise poiblí a fháil chun go mbeidh ar ár gcumas sé uair an chloig de chláracha nua-léirithe Gaeilge a chur go haer gach lá, bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an tréimhse idir seo agus bunú an eagrais mar eintiteas neamhspleách reachtúil, líon agus leibhéal an lucht féachana a bhuanú agus a mhéadú, síneadh a chur le glacadh an chomhartha craolta i dTuaisceart Éireann agus a bheith ar fáil go lárnach ann ar gach ardán dáilithe teilifíse agus ceiliúradh cuí a dhéanamh ar shlánú na ndeich mbliana ag an tseirbhís.

Tosaíochtaí 2006

- Maoiniú cuí a aimsiú chun gur féidir líon na gclár Gaeilge a mhéadú agus an sceideal clár a neartú

- An próiseas chun TG4 a bhunú mar eintiteas neamhspleách reachtúil a stiúradh agus a bhainistiú

- Cláracha nua ardchaighdeáin a choimisiúnú chun deich mbliana craolta an chainéile a cheiliúradh go cuí

- Oibriú i bpáirt le Cistí Léiriúcháin ar choimisiúnú clár

- 200 uair an chloig de chláracha páistí a athghuthú

- 70% ar a laghad den mhaoiniú poiblí a thiomnú do chláracha Gaeilge

- An scair fhéachana a bhuanú agus mhéadú

- An tseirbhís Ghréasáin a fhorbairt agus an cumas idirghníomhaíoch a mhéadú

- An pátrún dearfach ioncaim tráchtála a choinneáil agus foinsí nua ioncaim den chinéal seo a aithint agus a thapú

- Plean Caipitil TG4 a stiúradh agus a fheidhmiú, an chéim dheireanach den togra soilsithe a chríochnú agus córais nua pearsanra, tráchtála agus láithreachais a insealbhú

- Dualgais reachtúla agus rialála a chomhlíonadh

- Áit fheiceálach lárnach do TG4 ar na hardáin dáilithe teilifíse ar fad i dTuaisceart Éireann